


The logo for TÚSLA, with the letters in a gradient of green and blue.

An Ghníomhaireacht um
Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency

A close-up photograph of a young child with blonde hair, smiling. Their hands are raised, showing colorful paint on the fingers and palms. The background is blurred, suggesting an indoor setting.

Achoimre Fheidhmeach: Tuarascáil ar Phróiseas na gCleachtas Cigireachta i Réamhscoileanna mar atá sna sna tuarascálacha cigireachta

An Dr. Sinéad Hanafin
MEITHEAMH 2014

Chuir an **Dr. Sinéad Hanafin** ó **Research Matters Ltd.** an tuarascáil seo le chéile thar cheann Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.



Ba cheart an tuarascáil a lua mar seo:

Hanafin, S. (2014) *Tuarascáil ar Phróiseas na gCleachtas Cigireachta i Réamhscoileanna mar atá sna tuarascálacha cigireachta. Achoimre Fheidhmeach.* Baile Átha Cliath: Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Cóipcheart © Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2014

Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Bloc D, Ionad Gnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8
Fón: +353 (0)1 635 2854
Ríomhphost: info@tusla.ie
Gréasán: www.tusla.ie

Arna fhoilsiú ag Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

ISBN 978-0-9574-3662-6

Is iad tuairimí an údair a nochtar sa tuarascáil seo agus ní gá gurb iadsan tuairimí Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil in aon chóras aisghabhála, nó a tharchur in aon fhoirm nó in aon slí, leictreonach, meicniúil, fótachóipeáil, taifeadadh nó eile gan réamhchead scríofa ón sealbhóir cóipchirt.

Le haghaidh cearta aistriúcháin nó atáirgthe, ba cheart iarratais a chur go dtí Ceannaire Cumarsáide, Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Bloc D, Ionad Gnó Gheata na Páirce, Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8, Éire.

Clár

RÉAMHRÁ.....	iv
1. Réamhrá.....	1
2. Modheolaíocht	1
3. Cuspóir an phróisis chigreachta	2
4. Cur síos ar an bpróiseas cigreachta	3
5. Tairseach chomhlíontachta/neamhchomhlíontachta	4
6. Plé agus Conclúidí	5
7. Réimsí Breithniúcháin	8

RÉAMHRÁ



Is léir tiomantas daingean na hÉireann maidir le tacaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga, ón infheistiú atá déanta i ngníomhaireacht stáit ar leith chun leas agus torthaí leanaí a fheabhsú. Seasann Tusla an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, a bunaíodh ar 1 Eanáir 2014, don athleasú is cuimsithí ar chosaint leanaí, ar luath-idirghabháil agus ar sheirbhísí tacaíochta don teaghlach dar cuireadh ar siúl riamh in Éirinn. Is beart uailmhianach é seo a thugann 4,000 ball foirne le chéile agus buiséad oibre de thart faoi €609 milliún.

Mar Phríomhfheidhmeannach na Gníomhaíochta, táim an-mheabhrach don fhianaise as cuimse atá ann, go mbíonn tairbhe fhadtéarmach thar raon leathan torthaí, as airgead a infheistítear i gcúram luath-óige.

Rinne mé an anailís seo ar chigireacht, thar thréimhse 17 mí a choimisiúnú lena dheimhniú cad iad na príomhréimsí foghlama ar cheart dúinn ár n-aird a dhíriú orthu. Bainfidh leanaí, pobail agus an tsochaí i gcoitinne tairbhe as a bhfuil anseo, agus tábhacht ag gabháil leis dúinn ar fad.

Tá a fhios againn ón staidéar *Ag Fás Suas in Éirinn* go raibh 40% de naíonáin atá 9 mí d'aois faoi ghnáth chúram leanaí is ní lena dtuismitheoirí. Faoin gClár um Chúram agus Oideachas na Luath-óige cuireadh rochtain saor in aisce ar fáil do gach leanbh in Éirinn ar fhoghlaim luath-óige. Tá rialú an réimse seo thar a bheith tábhachtach mar sin, lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí d'ardcháilíocht ar fáil go seasta do leanaí le linn a mblianta múnlaítheacha.

Fáiltím mar sin roimh thorthaí *Tuarascáil ar Phróiseas na gCleachtas Cigireachta i Réamhscoileanna*. Tá impleachtaí ann dúinn ar fad - do Tusla, do Chigirí na Luath-óige, do sholáthraithe cúram leanaí, agus dar ndóigh, thairis aon dream eile, do na leanaí atá ag freastal ar na seirbhísí seo. Is deimhniú iad go bhfuil tábhacht ar leith le hinfeistiú leanúnach a dhéanamh san oideachas, san oiliúint agus i dtacaíocht eile do sheirbhísí luath-óige. Is ábhar sásaimh dúinn é, a thabhairt faoi deara go bhfuil an próiseas cigireachta san iomlán cuimsitheach, leathan-raonach agus fóirínseach. Aithnítear sna tuarascálacha freisin, na feabhsúcháin a d'fhéadfaimís a dhéanamh agus tá siad dár dtreorú maidir le cleachtas a fhorbairt.

Gabhann buntáistí eacnamaíocha sonracha le cúram agus oideachas luath-óige agus d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith aige in oideachas leanaí na hÉireann. Is leas coiteann é, ar cheart aire a thabhairt dó agus é a fhorbairt agus Éire ag iarraidh óige den scoth don uile dhuine.

Ba mhaith liom mar fhocal scoir buíochas a ghabháil leis an Dr. Sinéad Hanafin, Research Matters Ltd., údar na tuarascála seo, as a sárobair. Cuireann an tuarascáil seo go mór leis an díospóireacht faoin gcleachtas is fearr i luathbhlianta forbartha na leanaí.



Gordon Jeyes

Príomhfheidhmeannach

Tusla, an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach

1. Tús

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freagrach as cigireacht a dhéanamh ar réamhscoileanna, naíolanna, creiseanna, cúram lae agus seirbhísí eile dá leithéid lena ndéantar freastal ar leanaí 0-6 bliana d'aois faoi *Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) 2006*. Cigirí Réamhscoile a bhíonn i mbun na gcigireachtaí seo, ar dhaoine gairmiúla iad le saineolas acu maidir le forbairt leanaí agus le sláinte chomhshaoil. Tá 33 rialachán ann a leagtar síos faoi 6 chuid, is iad na Cigirí Réamhscoile a dhéanann cigireacht ar 27 cinn de na rialacháin seo (Rialachán 5 go Rialachán 31 san áireamh). Faoi Alt 32 de na rialacháin, ní mór don FSS tuarascáil scríofa a thabhairt don té atá i mbun na seirbhíse réamhscoile.

Dírítear sa tuarascáil reatha ar cheisteanna tábhachtacha maidir leis an *bpróiseas agus gnéithe teicniúla* de na cleachtais chigireachta réamhscoile agus is cuidiú í don dara tuarascáil ina dírítear ar cheisteanna tábhachtacha a bhaineann le *cáilíocht na seirbhísí réamhscoile* mar a taifeadh i dtuarascálacha cigireachta réamhscoile.

Choimisiúnaigh an FSS an staidéar i Meitheamh 2013 chun anailís a chur ar fáil ar thuairiscí ar chigireachtaí a rinneadh thar thréimhse 17 mí, ó Eanáir 2012 go Bealtaine 2013. Ba iad cuspóirí na hanailíse seo:

1. cur síos foriomlán a thabhairt ar phróiseas tuairiscithe na Cigireachta Réamhscoile;
2. cur síos a dhéanamh ar dhifríochtaí, ar chomóntachtaí agus ar chomhchuibheas sa phróiseas tuairiscithe;
3. an tairseach fianaise a úsáidtear sna tuarascálacha a mheas;
4. tuarascáil scríofa a thabhairt ina bhfuil cuntas ar na príomhthorthaí.

Forbheathnú ar an tuarascáil

Tá 6 phríomhchuid sa tuarascáil. I gCuid 1 agus 2 tugtar réamhrá agus modheolaíocht ghairid don staidéar. I gCuid 3 agus 4 cuirtear príomhthorthaí na hanailíse i láthair, ar a n-áirítear, cur síos cuimsitheach ar an bpróiseas tuairiscithe agus tuarascáil ar na tairseacha comhlíontachta agus neamhchomhlíontachta mar a dheimhnigh na Cigirí Réamhscoile iad. Críochnaítear an tuarascáil le plé agus conclúidí (Cuid 5), agus leantar le réimsí ar fiú breathnú orthu ag éirí as na torthaí (Cuid 6).

2. Modheolaíocht

Nuair a coimisiúnaíodh an tuarascáil, bhí 44 Cigire Réamhscoile (37.8 coibhéis lánaimseartha) ag obair go náisiúnta agus choimeád cigirí aonair na tuarascálacha cigireachta ina n-oifigí sláinte áitiúla féin. I Meitheamh 2013, chuaigh an Oifig Náisiúnta Réamhscoile i dteagmháil le gach oifig sláinte agus d'iarr orthu na tuarascálacha críochnaithe a chur faoina mbráid idir Eanáir 2012 agus Bealtaine 2013. De cheal stórais lárnaigh, agus de bharr saoire agus folúntas foirne, ba phróiseas casta é a thóg mórán ama, na tuarascálacha a chomhordú lena gcur san anailís. Cuireadh na tuarascálacha ar fad a fuarthas roimh 31 Lúnasa 2013 (u=3,007) san anailís. De réir comparáid idir líon na gcigireachtaí a rinneadh thar an tréimhse ama céanna, meastar gur cuireadh isteach san anailís, tuarascálacha ar thart faoi 80% de na cigireachtaí a rinneadh idir Eanáir 2012 agus Bealtaine 2013. Chuathas i ngleic le ceisteanna eiticíúla maidir le anaithnideacht agus dea-chleachtais ó thaobh sonraí a chosaint de.

Rinneadh anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil. Cuimsíodh níos mó na 3,000 tuarascáil (u=3,007) san anailís iomlán agus san anailís thuairisciúil, baineadh úsáid as Pacáiste Staitisticiúil do na hEolaíochtaí Sóisialta (SPSS), Leagan 20, le hanailís a dhéanamh ar inathraitheacht chainníochtúil.

Chomh maith leis an anailís chainníochtúil, piocadh amach sampla randamach de 500 tuarascáil agus rinneadh anailís théamach orthu maidir le rialacháin aonair agus trasrialú.

Mar a bhíonn le foinsí sonraí tánaisteacha, ní gá gur corpraíodh san fhaisnéis gach gné a bhaineann leis an anailís, agus sa chás seo, faisnéis ar leibhéal cháilíochtaí oideachais na soláthraithe seirbhíse (ar tuar maith iad ar cháilíocht na seirbhíse) nó cé acu an tseirbhís brabúis nó neamhbhrabúis a bhí ann. Toisc an t-achar beag ama a bhí ann don anailís agus don tuarascáil seo, ní dhearnadh iniúchadh ar fhoinsí eile a d'fhéadfadh sonraí breise a bheith iontu. Mar a luadh cheana, tá thart faoi 80% de na tuarascálacha cigireachta ón tréimhse Eanáir 2012 go Bealtaine 2013 san anailís. Cé gur chuir sé sin teorann leis, fós tá dóthain faisnéise agus sonraí sna tuarascálacha chun léargas a thabhairt ar fheidhmiú na seirbhísí réamhscoile. Chomh maith leis sin, toisc líon na dtuarascálacha féin is féidir fo-anailís a dhéanamh de réir catagóirí éagsúla agus d'fheadfaí dá bhrí sin, ginearálú a dhéanamh orthu i gcomhthéacs an phróisis tuairiscithe.

3. Cuspóir an phróisis chigireachta

Is é cuspóir an phróisis chigireachta ná measúnú a dhéanamh ar cháilíocht fhoriomlán na seirbhíse trí bhreithiúnais a thabhairt maidir le comhlíonadh le rialacháin réamhscoile. Tá tuairiscí ar na breithiúnais seo sa tuarascáil ar chigireacht réamhscoile. Tugtar torthaí na tuarascála seo faoi ocht réimse leathan agus de réir gach rialacháin aonair (*féach Tábla 1*).

Tábla 1: Struchtúr an teimpléid tuairiscithe a d'úsáid na Cigirí Réamhscoile de réir réimse leathain, uimhreach rialacháin, teidil rialacháin agus chéatadán na dtuairiscí le measúnú neamhchomhlíonachta

Réimse leathan	Uimh. Rialacháin	Teideal gairid an rialacháin	% na dtuairiscí neamhchomhlíonach
Bia agus deoch	26	Bia agus deoch	12.4%
Eolas Ginearálta	29	Faisnéis a thabhairt don FSS	5.1
Sláinte, leas agus forbairt an linbh	5	Sláinte, leas agus forbairt an linbh	14.9
	9	Bainistíocht Iompair	9.1
Eolas ar shuíomh na réamhscoile	10	Fógra atá le tabhairt ag duine a bhfuil sé i gceist aige seirbhís réamhscoile a chur ar fáil	0.7
	11	Fógra maidir le hathrú ar chúinsí	4.6
	31	Táillí bliantúla	4.7
Bainistíocht agus foireann	8	Bainistíocht agus foireann	46.2
	12	Líon na leanaí réamhscoile a ndéanfar freastal orthu	0.7
Áitribh agus áiseanna	18	Áitribh agus áiseanna	28.3
	19	Téamh	10.3
	20	Aeráil	10.5
	21	Soilsiú	5.2
	22	Cóiríocht shlántíoch	24.9
	23	Draenáil agus diúscairt camrais	0.8
	24	Stóráil agus diúscairt dramhaíola	3.9
	25	Fearas agus ábhair	17.4
28	Áiseanna scíthe agus súgartha	13.0	

ar lean

Réimse leathan	Uimh. Rialacháin	Teideal gairid an rialacháin	% na dtuairiscí
Taifid	13	Clár na lenaí réamhscoile	20.2
	14	Taifid	35.0
	15	Faisnéis do thuismitheoirí	12.5
	17	Cóip den Acht agus de na Rialacháin	3.5
	30	Árachas	4.5
Sábháilteacht	6	Garchabhair	10.2
	7	Cúnamh leighis	9.8
	16	Bearta sábháilteachta ó dhóiteán	19.9
	27	Bearta sábháilteachta	43.0

4. Cur síos ar an bpróiseas tuairiscithe

Úsáideann Cigirí Réamhscoile gléas tuairiscithe coiteann chun tuairisc a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí aonair. Úsáidtear an chéad leathanach den ghléas chun faisnéis dhéimeagrafach agus eile a chur ar fáil faoin tseirbhís a bhfuil cigireacht á déanamh air (e.g. saghas cigireachta, dáta cigireachta, dáta ar a eisíodh an tuairisc agus limistéar oifig sláinte áitiúil FSS) Tá na páirteanna eile den ghléas tuairiscithe tógtha timpeall ar **27 rialachán aonair** agus tugtar teimpléad le haghaidh gach rialacháin (Rialachán 5 go Rialachán 31) a bhfuil rogha 3 ticbhosca air (Comhlíontach, Neamhchomhlíontach, Ní bhaineann le hábhar). Is féidir freisin cuntas a thabhairt maidir le comhlíontacht, neamhchomhlíontacht agus gníomhartha a bhfuil gá leo i gcás rialacháin aonair (*féach Figiúr 1*).

Figiúr 1: Sampla den saghas faisnéise maidir le gach rialachán aonair sa teimpléad tuairiscithe a d'úsáid na Cigirí Réamhscoile

Eolas ar shuíomh na réamhscoile		
Rialachán 10 Fógra atá le Tabhairt ag Duine a bhfuil sé i gceist aige Seirbhís Réamhscoile a chur ar fáil		
Comhlíontach	Neamhchomhlíontach	Ní bhaineann le hábhar
Faisnéis Chomhlíontachta:		
Faisnéis Neamhchomhlíontachta:		
Beart Riachtanach:		

Tá comhsheasmhacht áirithe ann maidir le leithead na réimsí ar measadh iad a bheith comhlíontach nó neamhchomhlíontach le linn na gcigireachtaí aonair agus, ar an meán, tuairiscítear ar idir 23 agus 24 rialachán sna tuarascálacha cigireachta. B'ionann líon na 3 chatagóir 'ní bhaineann le hábhar', 'níor measúnaíodh' agus 'níor aimsíodh' agus 12.2% den iomlán 81,189 rialachán a ndearnadh anailís orthu. Measadh ar an meán

2 rialachán a bheith '**ní bhaineann le hábhar**' le linn na gcigireachtaí agus is iad na cinn is coitianta *Rialachán 10* (Fógra atá le tabhairt ag duine a bhfuil sé i gceist aige seirbhís réamhscoile a chur ar fáil - 14.9%), *Rialachán 31* (Táillí bliantúla - 18.7%) *Rialachán 11* (Fógra maidir le hathrú ar chúinsí - 50.3%) agus *Rialachán 12* (Líon na leanaí réamhscoile a ndéanfar freastal orthu - 56%). Bheifí ag súil leis nach n-athródh a líon siúd i gcásanna idir chigireachtaí agus is furasta mar sin toradh 'ní bhaineann le hábhar' a thuiscint.

Ba lú ná 1 (0.31; SD = 1,590) meánlíon na rialachán a aithníodh i dtuarascálacha aonair mar **‘níor measúnaíodh’** agus ba mhó ná 95% líon na dtuarascálacha nach raibh rialachán iontu le stádas ‘níor measúnaíodh’. Níor aithníodh ach 4 rialachán i níos mó ná 2% de na tuarascálacha, ba iad sin *Rialachán 9* (Bainistíocht iompair - 2.2%), *Rialachán 13* (Clárú leanaí Réamhscoile - 2.3%), *Rialachán 7* (Cúnamh leighis - 2.3%) agus *Rialachán 30* (Árachas - 2.3%). B’annamh a taifeadh na cúiseanna nár measúnaíodh.

Is tagairt é an réimse deiridh, **‘níor aimsíodh’** do na rialacháin nár tugadh aon chúis lena stádas foriomlán. Faoi ‘níor aimsíodh’ bhí céatadán idir 2.1% (*Rialachán 31*: Táillí Bliantúla) agus 9.2% (*Rialachán 26*: Bia agus deoch) Ba cheart féachaint ar an toradh do *Rialachán 26* i gcomhthéacs tuairisce eile ón Oifigeach Sláinte Chomhshaoil maidir leis an réimse seo.

De ghnáth, bíonn tuin ghnó ar thuarascálacha, le cur chuige ‘oifigiúil’, ach don chuid is mó bhí na tuarascálacha dea-scríofa agus proifisiúnta, le béim ar na trí réimse comhlíontachta, neamhchomhlíontachta agus ‘gníomhartha riachtanacha’. Tríd síos an tráchttaireacht, tugadh faisnéis shonrach agus rinneadh taifead de thuairimí sonracha.

Bhí éagsúlacht tuine iontu go háirithe sa tráchttaireacht ar ghníomhartha riachtanacha, a raibh idir mholtaí agus orduithe faoi cheangal ama iontu. Bhí méid suntasach tuairimí inar léir nach ndearna an soláthraí seirbhíse aon rud leis an bhfadhb a aithníodh cheana a réiteach. Bhí eolas do sholáthraithe i gcuid de na tuarascálacha, faoi chúrsaí a bheith á n-eagrú, cóipeanna de theimpléid, cáipéisí, ainmneacha daoine agus eagraíochtaí tacaíochta náisiúnta sa cheantar áitiúil.

Glactar le 4 cur chuige maidir le trácht ar chomhlíontacht agus neamhchomhlíontacht, sé sin: (a) ní thugtar tráchttaireacht; (b) tugtar ráiteas lom go raibh nó nach raibh an tseirbhís neamhchomhlíontach faoi rialachán ar leith; (c) ainmníodh an fo-chlásal lena raibh sé chomhlíontach nó neamhchomhlíontach; agus (d) plé ní ba mhó ar an tráchttaireacht, ó chúpla abairt uaireanta go heolas fairsing uaireanta eile. Ba iad na rialacháin ba lú tráchttaireachta *Rialachán 12* (líon na leanaí réamhscoile ar féidir freastal orthu), *Rialachán 21* (soilsiú) agus *Rialachán 20* (Aeráil), agus ba iad na cinn ba mhó tráchttaireachta *Rialachán 5* (Sláinte, leas agus forbairt an linbh), *Rialachán 8* (Bainistíocht agus foireann), *Rialachán 13* (Clár na leanaí réamhscoile) agus *Rialachán 14* (Taifid). Is mó go mór áfach an méid tráchttaireachta a dhéantar faoi Rialachán 5 ná mar a dhéantar in aon réimse eile, agus is fíor seo pé acu comhlíontach nó neamhchomhlíontach iad.

Fuarthas dlúthchaidreamh a bheith ann áfach idir an tráchttaireacht faoi neamhchomhlíontacht agus gníomhartha riachtanacha, tá sé le tuiscint uaidh sin go bhfuil gníomhartha sonracha de dhíth i gcásanna inar aithníodh neamhchomhlíontacht.

5. Tairsceach chomhlíontachta/neamhchomhlíontachta

Tugtar torthaí sonracha na dtuarascálacha aonair agus na seirbhísí i dtuarascáil eile (*Tuarascáil ar Cháilíocht na Seirbhísí Réamhscoile: Anailís ar thuarascálacha cigireachta réamhscoile*).

Tugtar an t-eolas seo chun na cúiseanna le cinntí áirithe a thaispeáint maidir lena gcomhlíontacht nó lena neamhchomhlíontacht. Tá cuid ar leith den teimpléad tuairiscithe, mar a luadh ó chianaibh, ina bhfuil áit ar leith do gach rialachán aonair agus déantar catagóiriú ar gach ceann de na 27 rialachán a tuairiscíodh faoi cheann den 8 réimse leathan, is iad sin: bia agus deoch; Faisnéis ghinearálta; sláinte; leas agus forbairt an linbh; faisnéis ar shuíomh na réamhscoile; bainistíocht agus foireann; áitribh agus áiseanna; taifid; agus sábháilteacht.

Tairseach fianaise a cuireadh i bhfeidhm

Is féidir breithiúnas a thabhairt go bhfuil seirbhís chomhlíontach maidir le rialachán ar leith fiú nuair a aithníodh gnéithe sonracha a bheith neamhchomhlíontach, is léir seo ón líon rialachán a tugadh tráchttaireacht ar a neamhchomhlíontacht cé gur tugadh breithiúnas ina leith go raibh siad comhlíontach. D'fhéadfadh freisin, i gcás breithiúnais neamhchomhlíontachta a bheith tugtha, tráchttaireacht a bheith leis ar a chomhlíontacht nó a neamhchomhlíontacht. Dealraíonn sé gur meicníocht é an tráchttaireacht chomhlíontachta lenar féidir leis an gcigire dea-chleachtas maidir leis an rialachán sin a spreagadh.

Is féidir breithiúnas neamhchomhlíontachta a thabhairt freisin bunaithe ar laige i ngné amháin de rialachán, go háirithe má mheastar an laige a bheith tromchúiseach nó má bhaineann sé le foirgneamh nó le háiseanna ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Níos minice áfach, má thugtar breithiúnas neamhchomhlíontachta, déantar tagairt sa tráchttaireacht do níos mó ná laige amháin. Dá bhrí sin, le gach rialachán bíonn raon leathan ceisteanna ann maidir le comhlíontacht agus tugtar léargas áirithe ar na téamaí a éiríonn as gach rialachán.

Rinneadh staidéar sonracha ar na mórthéamaí a bhaineann le gach ceann de na 8 réimse leathan agus tá siad curtha i láthair i bhfoirm tháblach, le treoir áirithe faoi réimsí neamhchomhlíontachta atá nó a d'fhéadfadh a bheith ann. I réimsí rialála áirithe, tá teorainneacha an-soiléir ann lenar féidir breithiúnas neamhchomhlíontachta a thabhairt ar sheirbhís, ar a n-áirítear, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, taifid gan a bheith i láthair, guaiseacha sábháilteachta sonracha, droch-chothú agus gan aire chearta a bheith á tabhairt do na leanaí. Maidir leis na rialacháin eile, tá an teorainn rud beag doiléir. Bíonn éagsúlachtaí móra ann sna rialacháin a bhaineann le sláinte, leas agus forbairt an linbh agus leis na cinn a bhaineann le sláinte. Ar shlí, is furasta é seo a thuiscint mar go bhfuil gá le breithiúnas gairmiúil agus le léirmhíniú chun comhlíontacht nó neamhchomhlíontacht a dheimhniú.

Léirítear pátrún difriúil sa tráchttaireacht ar chomhlíontacht agus ar neamhchomhlíontacht maidir le háitribh agus le háiseanna is a léirítear maidir le rialacháin eile agus is lú go mór an éagsúlacht atá ann ó thaobh na tairsí comhlíontachta de. Go ginearálta, is deifnídí na torthaí agus más neamhchomhlíontach d'aon ghné de na rialacháin (e.g. soilse briste, boscaí bruscair míshásúil, bréagáin shalacha), faightear neamhchomhlíontach iad.

6. Plé agus Conclúidí

Sa chuid seo tugtar le chéile na príomhcheisteanna a eascraíonn as an tuarascáil maidir leis an bpróiseas tuairiscithe agus na tairseacha a chuirtear i bhfeidhm i leith comhlíontachta agus neamhchomhlíontachta. Tagtar ar roinnt conclúidí as na torthaí seo agus cuirtear ar fáil anseo iad.

Go ginearálta, tá an próiseas cigireachta réamhscoile cuimsitheach, fairsing agus fóiréinseach.

Is léir ó anailís ar na tuarascálacha ar chigireacht réamhscoile go ndírítear sna cigireachtaí ar iomad gnéithe den tseirbhís agus gurb é meánlíon na rialachán a ndearnadh cigireacht orthu ná idir 23 agus 24. Déantar cigireacht ar 8 réimse leathan, is iad sin: bia agus deoch; faisnéis ghinearálta; sláinte; leas agus forbairt an linbh; faisnéis ar shuíomh na réamhscoile; bainistíocht agus foireann; áitreabh agus áiseanna; taifid; agus sábháilteacht. Tá gach ceann de na 27 rialachán seo clúdaithe faoin 8 réimse seo agus déantar iniúchadh ar a bhformhór díobh siúd sa chuid is mó de na cigireachtaí. Tugtar, in an-chuid de na tuarascálacha samplaí agus tuairimí maidir le hiompar, próisis agus ceisteanna struchtúrtha a chonacthas le linn na cigireachtaí. Anuas ar sin, is féidir iniúchadh

sonrach a dhéanamh le linn na gcigireachtaí ar thaifid, ar bheartais agus ar chleachtais agus bhí roinnt samplaí de chomhlíontacht agus de neamhchomhlíontacht nárbh fhéidir tráchttaireacht orthu a chur i láthair gan iniúchadh sonrach a bheith déanta ar na hábhair scríofa atá i lámha na seirbhíse. Ina measc seo tá, i dteannta nithe eile, róta foirne, cláir na leanaí agus comhaid phearsanra, beartais um chosaint leanaí, um bainistíocht iompair agus um smachtú infhabhtaithe. Tá an chuma ar chuid den tráchttaireacht go ndearnadh iniúchadh sonrach ar réimsí éagsúla den timpeallacht fisiceach agus ábhair, agus ag éirí as sin, tugtar iomad samplaí de a oiread is ar comhlíonadh sárchleachtais maidir le gnéithe éagsúla den tseirbhís. Tugadh mionléiriú ar an mbonn a bhí le cinntí maidir le comhlíontacht nó le neamhchomhlíontacht sa tráchttaireacht a ghabh leo i bhformhór na gcásanna, cé go raibh éagsúlachtaí móra ann ó thaobh fhairsinge na dtráchttaireachtaí sin de.

Glactar le bealaí éagsúla le tuairisc a thabhairt ar thorthaí na gcigireachtaí

Glactar le bealaí éagsúla le tuairisc a thabhairt ar cháilíocht na seirbhísí réamhscoile agus aithníodh 4 cur chuige príomha, is iad sin: (a) ní thugtar tráchttaireacht; (b) tugtar ráiteas lom go raibh nó nach raibh an tseirbhís neamhchomhlíontach faoi rialachán ar leith; (c) ainmníodh an fo-chlásal lena raibh sé chomhlíontach nó neamhchomhlíontach; agus (d) plé ní ba mhó ar an tráchttaireacht, ó chúpla abairt uaireanta go heolas fairsing uaireanta eile. Tá éagsúlachtaí ann freisin ó thaobh tuine, fócais agus na tagairtí d'fhianaise a chonacthas nó a bailíodh le linn na cigireachta. Tá sé le tuiscint ó na cuir chuige seo go bhfuil cleachtas tuairiscithe éagsúla in úsáid agus gur cheart smaoineamh ar chur chuige níos córasaí maidir leis an bpróiseas tuairiscithe.

Is mór an trácht a dhéantar ar chomhlíontacht, ar neamhchomhlíontacht agus ar ghníomhartha atá ag teastáil cibé stádas atá ann faoi rialachán aonair.

Déantar tráchttaireacht sna tuarascálacha ar na cigireachtaí cibé an stádas comhlíontachta agus is minic a thugtar tráchttaireacht chomhlíontachta nuair a bhí stádas neamhchomhlíontach ag an tseirbhís. Tá sé le tuiscint uaidh sin go n-úsáidtear an tuairisciú ar phróiseas cigireachta réamhscoile chun aiseolas a thabhairt do na soláthraithe i réimsí ina n-aithnítear dea-chleachtas agus ardcháilíocht, fiú nuair go ndéantar cinneadh go bhfuil an tseirbhís neamhchomhlíontach. Is gné dhearfach den phróiseas é seo agus is féidir leis na seirbhísí a lán tairbhe a bhaint as an tacú dearfach seo dá gcuid oibre agus a fhoghlaim faoi dhea-thréithe a seirbhíse agus faoi na rudaí ar cheart dóibh coinneáil leo.

Tá gá le caighdeánú níos mó ar scríobh na dtuarascálacha agus ar chinntí a thógáil faoi chomhlíontacht agus ní foláir an éagsúlacht atá anois ann a laghdú, ach a ligean ag an am céanna do chigirí breithiúnas gairmiúil a thabhairt ar cháilíocht na seirbhíse. Ba cheart gach cinneadh a dhéantar maidir le neamhchomhlíontacht a thacú le tráchttaireacht uirthi agus le gníomhartha a theastaíonn len iad a cheartú. Déantar é seo i bhformhór na dtuarascálacha ach ba cheart go mbeadh sé ina nós imeachta caighdeánach in gach cás.

Tá an measúnú ar Rialachán 5 casta, baineann sé leis an iliomad réimsí agus gineann sé an-chuid tráchttaireachta sna tuarascálacha.

Déantar measúnú ar Rialachán 5, a bhaineann le sláinte, le leas agus forbairt an linbh, faoi 4 théama, is iad sin: a mhéad is a bhfuil freastal á dhéanamh ar bhunriachtanais leanaí; an timpeallacht fhisiceach agus ábhair; clár na ngníomhaíochtaí; agus na caidrimh thart ar na leanaí. I gcodarsnacht leis an measúnú a dhéantar i réimsí eile (e/g/ Rialachán 30 ar an fáil atá ar árachas), clúdaíonn measúnú ar Rialachán 5 an iliomad réimsí agus gineann dá bharr tráchttaireacht fhairsing. Ó thaobh tráchttaireachta ar chomhlíontacht de, bhí líon na bhfocal sa tráchttaireacht (536,907 focal) beagnach

6 oiread ní ba mhó ná an dara ceann ba mhó (Rialachán 14 ar Thaifid). Is léir ón tráchttaireacht a cuireadh i láthair, go bhfuil a fhios maith acu siúd atá i mbun na gcigireachtaí, a oiread is atá sláinte, leas agus forbairt na leanaí faoi thionchar na timpeallachta ina bhfuil siad faoi chúram. Is gné lárnach, doshéanta den phróiseas cigireachta é go gcaitear na tionchair sin a chur san áireamh agus ba cheart leanúint den nós.

De bharr leithne na réimsí a chlúdaítear faoi Rialachán 5, titeann cuid acu isteach i réimsí rialacháin eile uaireanta, as a dtagann dúbláil sa tuarascáil chigireachta. Len é seo a íoslaghódú, moltar gan cheisteanna a bhaineann le réimse rialacháin 5 a phlé faoi na rialacháin eile ach a phlé leo ina réimse ceart. Chomh maith leis sin, tá gá le haontú maidir le méid na tráchttaireachta atá ag teastáil chun go mbeidh caighdeánú níos mó ann sa phróiseas cigireachta agus tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse.

Tairseach chomhlíontachta agus neamhchomhlíontachta

Rinneadh anailís shonrach, thar gach ceann den 8 réimse leathan a measúnaítear le linn cigireachta, chun iniúchadh a dhéanamh ar an tairseach chomhlíontachta agus neamhchomhlíontachta. Léiríodh roinnt difríochtaí de réir an rialacháin a bhí á scrúdú. Le rialacháin áirithe bhí an tairseach an-soiléir agus ba bheag an éagsúlacht a bhí ann maidir le torthaí. B'fhíor é seo go háirithe i gcás na rialachán a bhain le háitribh agus le háiseanna nuair, má bhí ábhar neamhchomhlíontachta, ba é an toradh foriomlán go raibh sé comhlíontach. B'fhíor seo freisin i gcás roinnt rialachán eile, nuair a bhí roinnt réimsí neamhchomhlíontachta cinnte ann. Cuirtear i láthair liosta iomlán díobh seo i dtéacs na tuarascála agus i measc na réimsí tá, mar shampla, droch-idirghníomhaíocht idir an fhoireann agus na leanaí mar a facthas le linn cigireachta; nach ndearnadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar an bhfoireann; cóimheas leanaí le foireann mícheart; nár tugadh a ndóthain bia do na leanaí lá na cigireachta; druil dóiteáin gan a bheith á chleachtadh; agus nach raibh clár gníomhaíochta. Áit a raibh bagairt láithreach do shábháilteacht na leanaí (e.g. gan gheata staighre in áit, leanaí gan mhaoirsiú, teacht saoráideach ag leanaí ar cheimicí nó ábhair ghlantacháin), fuarthas neamhchomhlíontach leis an rialachán beagnach gach ceann díobh.

Maidir le ceisteanna rialála eile áfach, ní raibh sé chomh furasta sin an toradh foriomlán a thuair. Uaireanta, bhraith toradh neamhchomhlíontachta ar líon na n-eilimintí a aithníodh iad a bheith neamhchomhlíontach. I bhfocail eile, mura tharla rud ach uair amháin (e.g. ní raibh áit áirithe sa réamhscoil glan), d'fhéadfaí fós é a fháil comhlíontach. Má chonacthas a leithéid i roinnt áiteanna áfach (e.g. roinnt áiteanna sa réamhscoil gan a bheith glan), ba dhóichí go bhfuarthas neamhchomhlíontach é.

Ba cheart go mbeadh tuiscint shoiléir ag na soláthraithe seirbhíse ar na caighdeáin lena bhfuiltear ag súil, ar cheart dóibh a bheith uilíoch sna réigiúin agus i measc na gcigirí. Cé nach dteastaíonn srian a chur le breithiúnas gairmiúil, ba cheart go mbeadh scóip theoranta ann le himeacht ón ngnáth, ba cheart a fhios a bheith ag na cigirí cad iad na tairseacha atá le cur i bhfeidhm acu, agus ba cheart a fhios a bheith ag na soláthraithe cad iad na tairseacha a bhfuiltear ag súil leo. Léirítear sa tuarascáil seo an méid éagsúlachta atá ann ó thaobh cinntí comhlíontachta agus neamhchomhlíontachta de. Ní foláir dul i ngleic leis an bhfadhb seo ar shlí chórasach chun caighdeántacht a chinntiú tríd an tseirbhís ar fad.

Forbairt ghairmiúil leanúnach

Faoi mar atá le gach gairm, tá gá le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach sa réimse seo. D'fhéadfaí, leis an ábhar atá sa tuarascáil seo, teacht ar chomhdhearcadh maidir le na tairseacha comhlíontachta agus neamhchomhlíontachta sa tseirbhís réamhscoile do leanaí, ach le

cur chuige níos sistéamaí, níos cuimsithí agus níos straitéisí, d'fhéadfaí a chinntiú go mbíonn tacaíocht ann don phróiseas cigireachta le go mbainfear tairbhe as an bhfianaise, as an mbeartas agus as na cleachtais is déanaí. Ba cheart breathnú ar chlár forbartha gairmiúil a fhorbairt ag éirí as torthaí na dtuarascálacha cigireachta seo agus é a chur in oiriúint do riachtanais na Cigireachta Réamhscoile.

Taighde, monatóireacht agus measúnú

Is léir go bhfuil an fhaisnéis sna tuarascálacha tairbheach do na seirbhísí aonair lena bpléitear. Ba cheart a aithint, áfach, gur foinse luachmhar í an fhaisnéis tras-seirbhíse chomhiomlán seo do na seirbhísí agus do na cigirí, agus d'fhorbairt beartais freisin. Is é an tuarascáil seo an chéad cheann dá leithéid i gcomhthéacs Éireannach atá bunaithe ar thuarascálacha cigireachta réamhscoile agus tugtar inti léargas ar leith ar an réimse. I dteannta leis an tuarascáil chomhlántach ina díreann ar thorthaí na dtuarascálacha ar phríomhréimsí cáilíochta sna seirbhísí réamhscoile, tá faisnéis shonrach inti ar mhórchéiteanna do sholáthraithe, do lucht déanta beartas agus do chigirí maidir le soláthar réamhscolaíochta.

Cé go dtugtar sa tuarascáil seo bunlíne chuimsitheach, tá sé tábhachtach go mbíonn taighde, monatóireacht agus measúnú leanúnach ar an tseirbhís ann. Ní mór breathnú ar chur chuige cuimsitheach agus straitéiseach a fhorbairt le freastal ar riachtanais taighde agus sonraí, ar a n-áirítear, aird a thabhairt ar thuairimí leanaí, tuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse, agus a chinntiú go ndéantar monatóireacht agus measúnú rialta trí fhoinsí riaracháin agus eile. Le cur chuige dá leithéid d'fhéadfaí a chinntiú; go mbíonn fianaise suas chun dáta ar fáil le cinntí eolacha a dhéanamh; go mbíonn an acmhainn ann chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht na seirbhísí a fheabhsú; go méadaítear ar fhreagracht agus ar fheidhmíocht; go laghdaítear riosca; go n-aithnítear claonta, tionchair, torthaí agus dúshláin; agus go n-éascaítear comparáid agus tagarmharcáil idir agus i measc eagraíochtaí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Córais TFC

De bharr an easpa stórais lárnaigh le haghaidh tuarascálacha d'éirigh dúshláin shuntasacha maidir le sonraí ó na tuarascálacha a rochtain agus a bhainistiú. Ba cheart breathnú láithreach ar chóras TFC cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a bheidh de chumas ann tacú le tuarascálacha a ghiniúint agus a bhailiú; an fhaisnéis a chur ar fáil le hanailís a dhéanamh uirthi; a éascóidh teacht ar tuarascálacha aonair. In éagmais córais dá leithéid, beidh fadhbanna fós le faisnéis faoi chigireachtaí réamhscoile a rochtain.

7. Réimsí Breithniúcháin

Ní mór féachaint ar roinnt ceisteanna a éiríonn as na torthaí seo. Is iad:

1. Ní mór aird a thabhairt ar a mhéad is a ndéantar rialacháin a mheas ar bhonn aonair mar comhlíontach/neamhcomhlíontach, agus d'fhéadfadh na **4 réimse théamacha** a d'eascair as anailís ar na torthaí a bheith mar **chreat foriomlán**.
 - An bhfuil an tseirbhís sábháilte?
 - An dtacaíonn an tseirbhís le sláinte, leas agus forbairt na leanaí faoina cúram?
 - An bhfuil an tseirbhís rialaithe go maith?
 - An bhfuil na háitribh agus na háiseanna slán ó thaobh struchtúir de agus an bhfuil siad oiriúnach dá bhfeidhm?

2. Ní mór féachaint ar **chur chuige níos comhchuibhithe maidir leis an bpróiseas tuairiscithe**, ar a n-áirítear a mhéad faisnéise a thugtar agus a shoiléire is atá sé, chomh maith leis an gcineál tráchtairachta a thugtar. Laistigh de seo, ní foláir féachaint ar Rialachán 5 go háirithe.
3. Ba lú an éagsúlacht faoin tairseach chomhlíontachta agus neamhchomhlíontachta ná mar a mbeifí ag súil leis agus le roinnt rialachán bhí an breithiúnas an-simplí nó gurbh ar éigean go raibh aon éagsúlacht ann. Is féidir **torthaí na tuarascála seo a úsáid mar bhunús d'fhorbairt ghairmiúil** tríd an réimse ar fad agus d'fhéadfadh sé bheith ina chúnaimh chun tairseacha a shoiléiriú.
4. Cé go bhfuil léargas cuimsitheach agus sonrath ar na seirbhísí luathoideachais agus cúram leanaí atá ar fáil, ba cheart breathnú ar **ghuth páirtithe leasmhara eile, ar a n-áirítear soláthraithe, leanaí agus a dteaghlach a chur san áireamh**, sa phróiseas foriomlán.
5. Ba cheart breathnú ar **thaighde straitéiseach agus clár sonraí** a fhorbairt chun tacú le soláthar agus le cigireacht ar luathoideachais agus cúram leanaí.
6. D'fhéadfadh anailís ní ba chuimsithí a bheith déanta dá mbeadh **breis faisnéise** curtha ar fáil sna tuarascálacha cigireachta ar, mar shampla:
 - chomhthéacs na seirbhíse (e.g. suíomh sa phobal, cineál áitribh, etc);
 - leibhéal oideachais an tsoláthraí seirbhíse i réimse an luathoideachais agus cúraim leanaí;
 - stádas brabúis/neamhbhrabúis na seirbhíse;
 - an ndearnadh gearáin cheana i dtaobh na seirbhíse.

Ba cheart féachaint ar na réimsí seo a chur san Fhoirm Thuairiscithe Cigireachta.

7. Cuireadh srian le cóimheas na dtuarascálacha de bharr **easpa stórais lárnaigh agus córais TFC cuí**. Ba cheart breathnú ar a leithéid a fhorbairt láithreach bonn.